Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

# Plean ceachta scríofa litreach

## Cuspóir

Scríobh áititheach a úsáid le litir a dhearadh agus a scríobh chuig an chéad aire le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le bheith ábalta taisteal chun na scoile ar rothar.

## Achoimre ar an ghníomhaíocht

Pléann na daltaí príomhthorthaí a fhéadfear a chur san áireamh sa litir.

Mar shampla:

- Tá an rothaíocht maith don chomhshaol.
- An oiread daltaí agus is féidir a spreagadh dul ar rothar chun na scoile fá choinne turais laethúla, nó ar mhaithe le spraoi lena dteaghlach.
- Dá mbeadh áit ar scoil le rothair a stóráil spreagfaí níos mó daltaí dul ar rothar chun na scoile.

Spreag daltaí an Seicliosta don scríbhneoireacht áititheach a úsáid le cuidiú leo a litreacha a scríobh chuig an chéad aire.

## Obair bhreise

Abair le daltaí an ghníomhaíocht 'Dá mbeinnse i mo chéad aire'.

## Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanas a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buachan! Téigh go dtí [www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek](http://www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek) le tuilleadh a fháil amach.

**Am atá de dhíth:**
30 bomaite

**Acmhainní atá de dhíth:**
Seicliosta don scríbhneoireacht áititheach (ceann amháin do gach dalta)

**Gníomhaíocht aonair nó grúpa:**
Aonair

**Nasc curaclaim**
Teanga agus Litearthacht. Cumarsáid

Is carthanas cláraithe é Sustrans, uimhir 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain). © Sustrans Eanáir 2022

sustrans

## Seicliosta don scríbhneoireacht áititheach

- [ ] An bhfuil do lucht léitheoireachta soiléir?
- [ ] An bhfuil teachtaireacht láidir ag do theideal? Caithfidh tú an léitheoir a tharraingt isteach! B'fhéidir gur cheart do theideal a roghnú i ndiaidh duit do phíosa a scríobh – b'fhéidir go dtiocfaidh rud éigin iontach chun cinn agus tú ag scríobh.
- [ ] Ar chuir tú san áireamh cúiseanna don léitheoir tacú le do dhearcadh?
- [ ] An ndearnadh tú taighde agus ar chomhroinn tú fíricí agus fianaise chun tacú le do chúiseanna?
- [ ] B'fhéidir gur mhaith leat ceisteanna reitriciúla a úsáid i dtreo dheireadh do phíosa scríbhneoireachta.
- [ ] Úsáid ráiteas deiridh láidir le hachoimre a dhéanamh de d'argóint

